poiliticeaċt

Scrúdú Coinsiasa

fearfeasa

Dúirt mé an t-am sin é agus deirim arís anois, níl ann aċ amadán a raċaḋ 'un spairne na laeṫa seo agus lám amáin ceangailte ar ċúl a droma. Ḃéidir go raiḃ brí leis i sean laeṫa na ridireaċta nuair a ḃeaḋ daoine ag maoiḋeaṁ go dtiocfaḋ leo namaid beag de ṁaiṫ a ṫroid le lám amáin. Aċ d'imiġ na laeṫa sin agus ṫáinig crua saol na fiċead aoise agus ma's maiṫ leat do ċoirneál a ċosaint, beag nó mór duit, beiḋ an dá lám a ḋít ort ó'n ċéad ḃomaite riaṁ, i dtroid nó i gcoiṁlint.

Sin idir beirt a mbeaḋ an méid céanna iontu. Aċ naċ measa i ḃfad é dá mbeaḋ abaċ beag an ḃfainn ag coiṁlint le faṫaċ mór millteanaċ as go ndeirfeaḋ an fear beag bídeaċ go dtroidfeaḋ sé an fear mór millteanaċ agus lám amáin ceangailte ar ċúl a droma aige.

Aċ naċ sin díreaċ a ṫárla nuair a ċur Sasain dleaċtanna 15 p.c. ar ċuid onnṁuraiṫe na tíre seo agus gur ṡocraiġ am Rialtas ar ċoṁairle maorlaṫas na tíre go ndéanfaimís a ḟulaing gan buille a ḃualaḋ dar gcosaint féin.

Agus d'ḟulaing muid linn. Ní hiad ár gcuid tionsclóirí ar ndóiġe aċ gná ṗobal na tíre, luċt íocṫa na gcánaċa. Níor ċaill tionsclóirí praifid ná fiú codlaḋ na hoíċe leis. Nó b'é an friṫ buille s'againne ná a rá go dtabairfí cúiteaṁ airgead poiblí do tionsclóir ar biṫ a ḃéarfaḋ go raḃ sé ag cailleaḋ le dleaċtanna na Sasana. Ċuaiġ an scéal ar aġaiḋ aṁlaiḋ. Níocaḋ cuid dleaċtanna na Sasana. Rinneaḋ aisíoc lenar dtionsclóir. Ḃí Sasain ag gnóṫú. Ḃí an ciste poiblí anseo ag cailleaḋ agus ag fáġáil níos lú airgead fríd am don Ġaeltaċt, do oideaċas do seirḃísí soisialta, do sláinte. Agus níor dúirt fear den freasúra nó cúlḃinseoir den Fianna Fáil focal fé.

Aċ ḃí muid ag cailleaḋ níos mó leis an airgead nar díolaḋ. Sé sin nuair a gearraḋ anuas ar gcuid onnṁuraiṫe go Sasain. Ḃeaḋ sé ceart go leor dá mbeaḋ ísliú dá réir inar n-allṁuraiṫe. Aċ ní raiḃ. Ní ṫiocfaḋ le h-aon toraḋ a ḃeiṫ air sin aċ coṫrom na n-íocaíoċta a claonaḋ inar n-éadan agus an claonaḋ a leanstan ag méadú. Ḃí sé soiléir don dall nuair a cuireaḋ dleaċtanna Sasana ar allṁúraiṫe 'un na tíre sin go gcaiṫfeaḋ sé mí-ċoṫrom íocaíoċta a tarraċ ar an tír seo.

Ba é sin an t-am ar ċeart dúinne dleaċtanna cosanta a ċur suas aċ níor cuireaḋ. Agus ní raiḃ páipéar nó poiliticeoir a ṁol é aċ an páipéar seo agus an scríoḃnóir seo. Dá gcuirtí na dleaċtanna cosanta suas an t-am sin ní ḃeaḋ mí-ċoṫrom íocaíoċta nó stáid práinne ar biṫ ann anois.

Aċ liġ muid ár gcuid maidí le sruṫ agus d'éiriġ an éagoṫrom íocaíoċta níos measa diaiḋ ar ndiaiḋ — rud a ba ċóir go mbeaḋ ḟios ag an t-é b'aineolaí i gcúrsaí eacnamaíoċta. Anois táimíd dá ḃarr le caogú millión de éagoṫrom íocaíoċta le réitiú.

Cé'n ċaoi ar tugaḋ fé'n a réiteaċ. Ba ó ṫráċtáil le Sasain a ḃí an ċuid ba troime den éagoṫrom agus ba é ṡin an ċéad rud ar ċeart aġaiḋ a ṫaḃairt ar a ċeartú. Aċ sin an rud naċ dtearnaḋ. Cuireaḋ suas dleaċtanna 15 p.c. i gcoinniḃ allṁuraiṫe ón cóigcríċ aċ hísliḋ iad go dtí 10 p.c. do na tíorṫa Ḃreataineaċa.

Níl anseo aċ mire na feile Coin má ḃí sin ann ariaṁ. Ní hé aṁáin go ḃfuiltear ag taḃairt druim láiṁe leis an ḟaḋb is práinní atá le réiteaċ aċ tátar ag claonaḋ tráċtáil na tíre seo ṫar nais ċuig margaḋ na Ḃreataine nó is cinte le linn do na dleaċtanna seo a ḃeiṫ ann gur ualaċ iad ar allṁurṫóirí agus sa méid go mbeiḋ siad iarraiḋ faoiseaṁ ar biṫ dá ḃfuil ann go n-aṫróid siad ó earraí Euróipe no Meiriceá go hearraí Ḃreataine a allṁurú. Agus ar ndóiġe beiḋ i gcónaí ceangail ⁊ coiḃneas idir allṁúrú agus onnṁurú agus beiḋ claonaḋ ann ċun ar n-onnṁuraiṫe a ṫarraċ ċun na Ḃreataine. Mar sin sé an toraḋ is buaine a ḃéas leis na dleaċtanna seo nó sinn a ṫarraċ ṫar nais ċuig an stáid ina mbeiḋ tromlaċ an gcuid mbeaċa sa bascaid aṁáin agus sinn níos mó ag braṫ ar ṁargaḋ na Ḃreataine ná ḃí.

Sé an rud is mó a ċuirfeaḋ im-ní ar ḋaoine fá seo ná labair aoinne d'aon aicme sa Dáil nó sa tSeanaid faoi an gné tabaċtaċ seo dar bpolasaí poiblí. Tuigimid uilig ar ndóiġ gur mór ar fad an méid dar bpolasaí poiblí a múnlaítear ag an ṁaorlaṫas. Níl dul uaiḋ seo ar slí as rud gur acu is mó atá an saineolas agus an t-am ċun taiġde gairmiúl. Aċ is measa é i gcónaí a ísle a ḃíonn cumas nó caiġdeán eolais na n-airí. Aċ má ḃíonn páirtí reaḃlóideaċ poblaċtánaċ i gcoṁaċt coṁ fada agus go ḃfuil siad indiaiḋ a éirí iomċoiméadaċ le himeaċt aimsire, ⁊ gur oidrí páirtí iomcoiméadaċ pro Sasanaċ príoṁ aicme an Ḟreasúra agus naċ príoṁ gnó ag aicme eile an ḟreasúra cúrsaí náisiúntaċta ansin ní stáid práinne aċ stáid contúirte tá ann don náisiún.

Agus is cosúil go ḃfuil muid díreaċ san stáid sin anois.

Tá daoine ann ar ċeart daofa scrúdú coinsiasa a ḋéanaṁ sa ċás seo. Ní airím anois cinnirí Clann na Poblaċta (R.I.P.) a d'ḟeall ar an náisiún agus an pobal nuair naċ gceanglóḋ siad Gaeilge le náisiúnaċas agus ar ligeaḋ lena nolc féin dá ḃarr. Siad an dream ar ċeart daofa a ḃeiṫ ag déanaṁ scrúdú coinsiasa nó Sinn Féin.

Taisbeán pobal na tíre gurb ṁaiṫ leo aicme níos fuide 'un tosaiġ na Fianna Fáil ar ḃóṫar mór na Saoirse. Ṫug siad ceiṫre suíoċáin i nDáil Éireann do Sinn Féin. Níl aṁras dá lágaḋ na gurb é toil tromlaċ na dtoġṫóirí a ṫug ḃótaí dóiḃ go ḃfogḃóḋ siad sa Dáil ag coinneáil súil géar ar cúrsaí saoirse ⁊ Gaelaċais agus leas an ṗobail. Dá mbeaḋ Seán S. De Rís agus Mac Ḃrádaiġ agus Mac Fearġail agus Ó hAnluain ann ar fea tréiṁse ba réasúnta cinnte go mbeaḋ daoine mar Séamas Mac Ruairí i dTírċonaill, Pádraiġ Ó Ceallaiġ i nGaillim agus ceaṫrar nó cúigear eile ar fud na tíre ina dteanta anois. Ḃeaḋ guṫ láidir acu sa Dáil agus tionċar cumasaċ acu ar ċúrsaí polasaí. D'ḟéadfaḋ siad éifeaċt a ḋéanaṁ go hairid sin cúrsaí eacnaimiceaċ seo. Naċ é an trua agus an ḟeall naċ ḃfuil siad ann.

Naċ léir dóiḃ naċ ḃfuil a ḋaṫ inann daofa muna ḃfuil siad sásta glacaḋ le toil pobal na tíre mar bunús rialaiṫe. Anois féin b'ḟiú glacaḋ le seo. Nó is mór an ṁaiṫ atá le déanaṁ ag Teaċtaí Lá Leiṫid, ní i gcúrsaí geilleagair aṁáin aċ i gcúrsaí Gaelaċas agus náisiúntaċta coṁ maiṫ.

LITIR SHASANA

Ag Bréaṫnú Siar

DONALL MAC AMHLAIBH

(I mBaile beag Diss, fiche mhíle ó dheas de Norwich seo bhíos féin agus muintir Iorrais ag obair — muid dá bhostú ag comhlacht Eireannach, "Ormac" nó an O' Reilly/MacLoughlin Construction Co — nuair a thárla an eachtra seo leanas. Lad de bhunaidh na h-áite a bhí i mac Cattermole, agus fearacht an chuid eile de mhuintir na tuaithe sa gceantar údan thabharadh sé "Master" ort agus ó ag caint leat — cé go deimhin, nár le teann omóis é ná a dhath mar é).

D'íoctaí Diardaoin muid agus theagadh an t-airgead anuas ar Príomh Oifig an Cóluchta i Manchester chugainn. Ach bhí cléireach go buan ar an job freisin agus a oifig beag fhéin aige. Níl baol ar bith nach mba íontach an t-éan é. Feairín beag tanuí a bhí ann agus ba ar éan beag a chuimhneóchá le bréathnú ar a cheannaghaidh caol, ar a shrón fhada chám, agus ar a dhá shúil bheaga ag glinniúint ar chúl a spéaclaí. Ní rabh sé achar ar bith teagtha arais ón Aifric Thiar 'áit ar chaith sé na blianta, agus d'aithneóchá sin ar a éadan chrón. Ar scéim mhór ídró-leictreachais sea bhí sé ag obair amuich ansin (mar cléireach, ár ndó) agus tá faitcíos orm nach í cothrom na féinne a thabharadh sé do na Gormaigh bochta a bhí faoin a cheannais aige. Arae, chaitheá do pháí a chúntas go maith 'théis thú bheith íoctha aige nó bheitheá easpach, béidir, agus an fhuílleach coinnithe ag an gcléireach dó fhéin. Shíl sé é dhéanamh linne an chéad tseachtain ach ní dheacha leis. Mise agus Jim a bhí aimsí aige lena aghaidh sin. Ach ar ámharaí an tsaoil bhí fhios agam fhéin go dtí an leith-phínn dheireannach cé mhéad a bhí ag dul dom mar go raibh sé cóirithe go maith agam — an oiread seo uaireanntaí ar an oiread seo san uair; ní chaitheaá bheith ag freastal ar Cambridge ná Oxford, muis, le'n a áireamh! Ghlaoigh mé ar an gcléireach agus d'inis mé faoin mbotún dó. Chlaon sé a chloigeann ar leath-taobh agus d'ísligh sé mogaill a shúile, mar dhói de go rabh sé ag déanamh staidéir ar chlúdach an pháí. Ní fhaca tú a shamhailt ariamh ach badhbh a sciobfaí a chuid creiche uaidh 'sé ar tí a ithe. Nuair ba léir dó, ansin, nach ngabhfadh leis an géabh seo, gabh sé mo leithscéal faoi'n 'ndearmad' agus gheall sé go gceartódh sé an chéad seachtain eile é. Bhí sé 'dul ag imtheacht uaim ansin nuair a leig Jim Gannon a shean-bhúir feirge as.

"Gabh leith anseo, a chunúis bradach," ar seisean, "go bhfeicfidh tú cé mhéad tá in easnaimh orm. Nó a ndeacha tú ag scoil ar bith ariamh? Nó béidir go gceapann tú an cleas céadhna a oibriú ar na Fáidíní a bhí dhá n-oibriú ar na fir dhubha le blianta agat?"

Thuit an lug ar an lag ag an gcléireach bocht mar nach rabh sé cleachtuí ar dhaoine bheith ag labhairt leis mar sin. "Now, now Pat, no need to get aerated. If there's a mistake it will be rectified. I promise you that," ar seisean, agus crith ina ghlór. Ba bheag an dochar dó é ach oiread, muis, mar bhí fíoch ar Jim agus dá gcimleódh mo dhuine in aghaidh stuif an uair sin é, ba mheasa dhó féin é. Rug sé ar shaoiste de chuid Mhac Alpine uair amháin, dul dhá chaitheamh síos i dtrínnse mór doimhin, agus dhéanfadh freisin meireach go ndeacha a dhá dhriothár, Pat agus Micheáil, ag cur chomhairle air.

Chothromuíodh ár bpáí an tseachtain dár gcion ach meas tú nach rabh sé de éadan ag an diabhal tuille tútaíle a oibriú go gairid ina dhiaidh sin ar dhuine de mhuintir na h-áite. Bhí saoire mí Lúnasa chugainn faoi seo — an chéad Luan den mhí—agus i leaba an tsaoire a thóigeáil mar a rinne an chuid eile de na feara, d'fhan duine de chlann Cattermole ag faire an trínnse agus an t-inneall mór dréineála 'fhaitcíos go dteannadh gasúir na h-áite le aon cheann acu. Bhí na seacht ndiabhail ar na ngasúir céadhna agus bhídís dá gcur fhéin i mbaol a marú ag dul síos sa dtrínnse san oíche. Ní fhéadfadh an fear faire bheith suas leo mar nach rabh ann ach sean duine lag agus bhí na páistí ró-lúth dhó. Ar chuma ar bith bhí páí dúbalta ag dul do Mhac Cattermole as ucht a lá shaoire a oibriú, ach nuair a tháinic an t-am ní bhfuair sé ach páí lae. An uair sin fhéin ní bheadh a fhios aige an rabh aon éagcóir dá dhéanamh air meireach gur innis muide dhó é. Thóg sé scathaimh mhaith air é seo a thuiscint ach ansin nuair ba léir dó céard a bhí déanta ag an gcléireach leag s éuaidh a shluasaid agus scaoil sé na srugáin a bhí thart faoi chosa bhríste aige, dá gcoinneáil fáiscí. "Har, so old master's bin a-fiddlin' o' me," ar seisean. Chuir muid ceist ansin air a rabh faoi é chasadh leis an gcléireach.

"Naw, I be a-finishin' right now," ar seisean, "Oi don't hold with shilly-shallying or blackslidin' but Oi shall meet with 'Maste' Meakins down in the ol' pub one night never you fear."

D'imthigh sé leis ansin ag iarraidh a chuid cártaí agus a rabh ag dul dó de pháí na seachainte sin. Ach níor iarr sé an méid a choinníodh uaidh chor ar bith. Bí 'caint ar stauchacht!

B'fhactas dúinn fhéin go mba aisteach an buc é nach n-iarrfadh a cheart, ach níor bhain sé dhúinn. Ach chuaidh an fhocal thart go bhféadfadh an cléireach bheith ag bréathnú amach dhó fhéin mar go rabh beartú ag Mac Cattermole luach an tsaoire a bhaint as a chraiceann an dá luaithe agus a geobhfadh sé an deis.

Ba shin é an uair a thosaigh an cléireach ag taobhú an Ship. Ní fhaca muid ann é riamh roimhe seo ach anois bhíodh sé ann mórán 'chuile uair dá mbíodh muid fhéin ann. Bhrúghfadh sé cómhrá 'gus caidreamh orthainn agus deochannaí freisin, dá nglacfadh muid leo. B'amhlaidh a bhí muinín aige as na Páidíní, go gcosnódh siad é ar a námh-aid dá gceapadh sé a bheart a chur i gcrích.

Mar sin fhéin ní aithneóchá ar an gcléireach go rabh mórán imrí air faoin bhfear eile. Bhíodh sé comh h-aerach le lon istigh i dteach an óil agus ní rabh uaidh ach gaoth an fhocail le tosú ag amhránaíocht.

Dhamsaíodh sé timpeall urláir an ósta go scafánta, triopallach agus 'chaon "Me, me, me, me and my shad-ow, walking down the av-en-ue," i mbárr a ghuib aige. An chéad uair dá bhfaca Jim ar an ealaoin sin é rinne sé dearmad glan ar mhí-chneastacht an chléirigh agus scairt sé amach ag gáire. Go deimhin bhí a údar sin aige, mar ba bharrúil go deo an fheic é mo dhuine 'sé ag déanamh aithris ar Fred Astaire an lá ab' fhearr dó. D'éirí muid níos cheanúla ar an gcléireach réir a chéile ansin agus is iomdha racht gháire a ghaineadh sé asainn as sin go cheann scathaimh.

Bhí an cléireach pósta agus a bhain-chéile thuas i Manchester aige, agus creidim nach n-iarradh sé i bheith órlach níos ghiorra dhó ná mar bhí. Chuala muid ó mhac an General go mba fear é a bhí faoi 'bhantiarnas' ó phós sé agus go b'é bhí sa scarúint seo dhó cineáil saoire.

Dónall Mac Amhlaigh.

Ní ṫig a ḟulaingt níos faide

Tá míṡásaṁ an ṗobail ag cur ṫar maoil

Ó ċeann ceann na tíre, tá an mí-ṡásaṁ le Telefís Éireann ag méadú, agus ag éirí níos géire. Ar fud na tíre, tá Coṁairlí Baile, agus Coṁairlí Condae ag cur rúin foirmiúil i ḃfeiḋm ag diúltú do na cláraċa agus ag déanaṁ agóid fá claonaḋ gallda Ṫelefís Éireann. Níor ḃ'ḟéidir neaṁ-ṡuim a ḋéanaṁ de níos fuide, agus tá gníoṁ á ḋéanaṁ, aċ cad é an gníoṁ é?

Is deacair a ḟeiceáil taoḃ amuiġ céard atá ann, aċ tá an scéala ann go ḃfuil an stiúrṫóir cláranna, eaċtránaċ, le éirí as a ṗost, i gceann bliana, sin timpeall sé-ṁí taréis críoċnú a ċéad téarma seirḃíse. Ṫárla rud den tsaġas céanna roiṁe, nuair a ḃí mí-ṡásaṁ an ṗobal ag éirí ró ġéar, agus ró leiṫéideaċ faoi galldaċas Telefís Éireann agus d'éiriġ an Stiúrṫóir Ginearálta as a oifig.

Aċ, tá daoine ciallṁara ag cur ceisteanna, an ḃfuil anseo aċ cur ó ḋoras, mar is cosúil go ḃfuil an t-údarás céanna ann ar fad, an Caṫaoirleaċ agus an Coiste a stiúraíonn Telefís Éireann. Ar ndóiġe, rinneaḋ aṫraiṫe orṫa sin taréis ceapaḋ an Aire nua Poist agus Telegrafa, aċ níor ṡásaiġ na h-aṫraiṫe Gaeilgeoirí in aon ċor. Má ḃí aon rud ann, ḃí an coiste nua níos gallda ná an coiste a ḃí ann roiṁe. Agus is cinnte naċ réiteóiḋ aṫraiṫe insan stiúraḋ cláraċa an scéal do Ġaeilgeoirí.

Telefís Gaelaċ atá i ḋíṫ, agus tá sé in am go ndéanfaí cinnte go mbeaḋ sé seo á ṡoláṫar, rud naċ ḃfuil.